# Duilleog

Nuachtlitir Chomharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair

Uimh. 11 Nollaig 2009

**Guímid Beannachtaí na Nollag oraibh agus bliain úr mhaith**

## An Crann Óg




Tomás Mac Giolla Bhríghde ag seoladh an dlúthdhiosca "An Chéad Ghlúin" in Óstán Ghaoth Dobhair ar 5 Nollaig.

Comhghairdeas leis na ceoltóirí na múinteoirí agus go háirid le PJ agus Caitlín Joe Jack



## Oireachtas na Samhna 2009



**Máire Ní Choilm buaiteoir Chomórtas na mBan ag Oireachtas na Samhna 2009.**

**Comhghairdeas leo agus leis na buaiteoirí uilig.**



**Doimnic Mac Giolla Bhríde buaiteoir Corn Cuimhneacháin Sheáin Uí Riada ag Oireachtas na Samhna 2009. Seo an chéad uair don Chorn a theacht go Gaoth Dobhair.**









# Santa sa Chrannóg
# Dé Sathairn 12 Nollaig















**Beidh an teacht isteach ón lá ag dul chuig Cumann Naomh Uinsionn de Pól Ghaoth Dobhair**

## BRONNADH GRADAIM BORD NA NÓG C.L.G.









Dara Ó Cinnéide an peileadóir clúiteach as Ciarraí ag bronnadh na nGradaim sa Chlubtheach ar an 28 Samhain.

Comhghairdeas leo uilig agus leis an Choiste.

# Guth na Gaeltachta

**Feachtas Gaeltachta le cur in éadan mholtaí**

**AN BORD SNIP NUA**









Guth na Gaeltachta ag glacadh páirt í Mórshiúl Scléip na hÓige le linn an Oireachtas i Leitir Ceanainn.



An Mór Sheoladh Náisiúnta ag an Oireachtas in Óstán Mount Errigal i Leitir Ceanainn.

## Guth na Gaeltachta Ag Láidriú




Cór Thaobh a' Leithid agus An Crann Óg ag an seoladh.

Labhair Éamonn Mac Niallais ó Ghuth na Gaeltachta ag Seimineár Chonradh na Gaeilge sular seoladh an feachtas in éadan mholtaí an Bhoird Snip Nua i dtaca leis an Ghaeilge agus an Ghaeltacht go hoifigiúil ag Oireachtas na Samhna i Leitir Ceanainn. Bhí tuairim ‘s 400 duine i láthair chun a dtacaíocht a léiriú don bhfeachtas agus chuir An Crann Óg, grúpa ceoltóirí óga as Gaoth Dobhair, tús leis an ócáid sheolta. Labhair Dónall Ó Cnáimhsí, ball de Ghrúpa Oibre Ghuth na Gaeltachta, agus mhínigh **Mac Niallais** don slua gurb é an t-ábhar gearáin is mó atá ag Guth na Gaeltachta ná cé chomh héagothrom agus atá moltaí Mhic Carthaigh, ag rá: “Glacann an grúpa leis go bhfuil ciorraithe ag teastáil ach ní ghlacann muid le 58% don Ghaeltacht I gcomparáid le 9.4% don chaiteachas Stáit ar an iomlán!” labhair Mac Niallais go paiseanta faoi impleachtaí na moltaí do thodhchaí na Gaeilge agus na gceantar Gaeltachta, agus d’impigh ar achan duine achainí an ghrúpa a shíniú agus stocaireacht a dhéanamh ar a gcuid ionadaithe poiblí roimh an mbuiséad I mí na Nollag. Thug leithéidí Maidhc Dainín Ó Sé ó Ghaeltacht Chiarraí agus Donncha Ó hÉallaithe ó Chonamara a dtacaíocht don ghrúpa sular chríochnaigh an seoladh le cúpla focal ó Simon Mac Giolla Easbuic, ball de Chomhairle na nÓg Dhún na nGall, agus tuilleadh ceoil ó Chór Thaobh a' Leithid agus ón Crann Óg. Bhí cruinnithe Ghuth na Gaeltachta ar siúl sna Doirí Beaga, ar an gCeathrú Rua i mBéal a' Mhuirthid agus ag mic léinn Ollscoil na hÉireann ó shin agus tá tuilleadh á n-eagrú. Beidh Guth na Gaeltachta ag plé an Phlean 20 Bliain don Ghaeilge go luath sa bhliain úr. **Tuilleadh eolais: www.guthnag.com**

## Grúpa Máithreacha & Tachráin

**Grúpa cuideachta Gaelach do thuismitheoirí & tachráin**

Níl leithscéal ar bith agat níos mó.
Tá an Chrannóg anseo le cuidiú leat!

Tuilleadh eolais: Déan teagmháil le Bernie ag (074) 9560424
Ríomhphost: ptgd@vodafone.ie

**Comharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair Teo.**

# Seó Ceoil na Nollaig




Taispeántas óna Ranganna Ceoil in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge



Clodagh Ní Ghallchóir, Gormlaith Manes & Etáin Háicéid




Eiméar Nic Giolla Chóill, Caoimhe Breathnach, Cathal Ó Curráin & Niall Haicéid

## Glór na nGael 2009

Bhí moltóirí Ghlór na nGael i nGaoth Dobhair Dé Sathairn 21 Samhain.

## Cruinniú Cinn Bliana

Beidh a gcruinniú Cinn Bhliana ag an Chomharchumann sa Chrannóg Dé Céadaoin 16 Nollag ar 8.00. Fáilte roimh na baill uilig.

## Grúpa Iarscoile

Ba mhaith linne sa Chrannóg, grúpa iarscoile a bhunú ag brath ar éileamh. Má tá suim agat féin ina leithéid de sheirbhís a bheith ar fáil, is féidir leat ceann de na ceistneoirí atá ar fáil anseo a líonadh dúinn.

*Má tá tuilleadh eolais uait, is féidir leat teagmháil a dhéanamh le Bernie ag (074) 9560424*

## Brian Anson

Is cúis bhróin don Chomharchumann bás Brian Anson. Fuair Brian bás in ospidéal san Fhrainc i mí na Samhna áit a raibh cónaí air le seal de bhlianta. Ba as Leárpholl í Sasana ó dhúchas é agus bhí sé ag obair i rith a shaoil mar Phleanálaí Tuaithe agus Cathrach. Rinne sé obair phleanála agus léachtóireachta in go leor áiteacha ar fud an domhain agus scríobh sé leabhar nó dhó agus go leor paimphléidí faoina chuid oibre. Ceann de na leabhraí sin no "I'll fight you for it". 1970-71 - Rinne sé obair phleanála anseo i nGaoth Dobhair do Ghaeltarra Éireann a bhí ann san am.

1980-83 - Bhí sé anseo mar Chomhairleoir ag Údarás na Gaeltachta ach bhí díomá air i gcónaí nár cuireadh An Plean Forbartha a rinne sé don cheantar i gcomhar leis an phobal i bhfeidhm in iomlán ariamh. Rinne an scannánaí Paul Larkin clár teilifíse do TG4 faoi Bhrian agus a chuid oibre anseo roinnt blianta ó shin agus ba sin an uair dheireanach a bhí sé anseo. Bhí meas mór aige i gcónaí ar theanga agus dúchas an phobail agus ar Ghaoth Dobhair. Ár gcomhbhrón ó chroí lena bhean Mary agus a theaghlach.

Go ndéanaí Dia a mhaith air.